An Roinn Cosanta
Department of Defence

An Roinn Cosanta agus Bord na nArm-Phinsean

Saoráil Faisnéise

Treoir faoi Fheidhmeanna, Thaifid, Rialacha agus Chleachtais

Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Ailt 15/16 - Leabhair Thagartha

Samhain 2009

Treoirleabhar

faoi Fheidhmeanna agus Thaifid

na Roinne Cosanta agus Bhord na nArm-Phinsean

Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Alt 15 – Leabhar Tagartha

Saoráil Faisnéise

Alt 15 – Leabhar Tagartha

CLÁR ÁBHAIR

1	Réamhrá
2	Polasaí Rúndachta
3	Conas teacht ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise
4	Táillí
5	Cur síos ar an Roinn agus a cuid Feidhmeanna
6	Struchtúr agus Leagan Amach
7	Na hOifigí Príobháideacha, Brainsí na Státseirbhíse agus Bhord na nArm-Phinsean
7.1	Oifig Phríobháideach an Aire Cosanta
7.2	Oifig Phríobháideach an Aire Stáit
7.3	Oifig Phríobháideach an Ard-Rúnaí
7.4	Brainse na Dlíthíochta
7.5	Brainse na gConarthaí
7.6	Brainse Réitigh agus Eadrána na bhFórsaí Cosanta
7.7	Brainse Pholasaí Pearsanra na bhFórsaí Cosanta
7.8	An Brainse Reachtaíochta
7.9	An Brainse Feidhmeannais
7.10	An Brainse Airgeadais agus Rannóg an Iniúchta Inmheánaigh
7.11	Brainse na nAcmhainní Daonna
7.12	Brainse na gCóras Faisnéise
7.13	An Brainse um Shlándáil Idirnáisiúnta agus um Pholasaí Cosanta
7.14	An Oifig um Phleanáil Éigeandála
7.15	An Brainse Pleanála agus Eagrúcháin
7.16	An Brainse um Bhainistiú Sealúchais
7.17	Bord na nArm-Phinsean
Aguisín 1	Sanasán Téarmaí in úsáid sa Roinn

1. Réamhrá

Cruthaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 21 Aibreán 1998, trí cheart nua reachtúil:

1. Ceart dlíthiúil do gach duine faisnéis atá ag comhlachtaí poiblí a rochtain;
2. Ceart dlíthiúil do gach duine faisnéis oifigiúil faoi/fúithi féin a fháil ceartaithe má tá an fhaisnéis neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
3. Ceart dlíthiúil na húdair le cinntí, a bhaineann leis/léi féin, a fháil.

Dearbhaíonn an tAcht ceart daoine faisnéis oifigiúil a rochtain chomh fada agus is féidir an fhaid is a bhíonn sé sin ag teacht leis an leas poiblí agus le ceart dhaoine aonair chun príobháideachta. Ceapadh an tAcht chun go bhféadfadh an pobal teacht ar fhaisnéis atá ag comhlachtaí poiblí – faisnéis NACH bhfuil teacht uirthi go rialta ar bhealaí eile. Tá teacht ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir dhíolúintí áirithe agus tagann nósanna imeachta sonracha agus teorannacha ama i gceist freisin.

Thug an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 isteach roinnt leasuithe go háirithe maidir le táillí. Tagann táillí réamhíoctha i gceist i gcás gach iarratas neamh-phearsanta ar fhaisnéis faoi Alt 7 den Acht um Shaoráil Faisnéise (iarratais ar thaifid a rochtain) agus iarratais faoi Alt 14 (Athbhreithniú Inmheánach) agus Alt 34 (Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise) – féach caibidil 4 chun mioneolas a fháil.

Réitíodh agus foilsíodh an treoirleabhar seo faoi réir fhorálacha Alt 15 den Acht. Tá mar aidhm leis rochtain faisnéise oifigiúla, atá á coimeád ag an Roinn Cosanta agus ag Bord na nArm-Phinsean, a éascú. Déanann sé seo trí fheidhmeanna agus struchtúr na Roinne, na seirbhísí atá ar fáil agus an dóigh ar féidir leas a bhaint astu, a fhíorú, maille le heolas a sholáthar faoi aicmí na dtaifead atá á gcoinneáil agus trína léiriú cén tslí inar féidir iarratas a dhéanamh ar an Roinn agus ar an mBord faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Cuireann an Roinn eolas ar fáil don phobal sa ghnáth-shlí maidir lena feidhmeanna, a gníomhaíochtaí agus a scéimeanna. Beidh fáil i gcónaí ar an gcineál seo eolais ar bhonn neamhfhoirmiúil gan aon ghá leas a bhaint as na hAchtanna Um Shaoráil Faisnéise. Aibhsíonn an treoirleabhar seo na háiteanna ina bhfuil fáil ar fhaisnéis den saghas seo.

Is dócha gurb é Ráiteas Straitéise na Roinne an bundoiciméad is tábhachtaí. Doiciméid thábhachtacha eile is ea Tuarascáil Bhliantúil na Roinne agus an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí. Tá fáil ar na doiciméid seo ó roinnt foinsí, ina measc Oifigeach Shaoráil Faisnéise na Roinne, an Phreas-Oifig agus suíomh gréasáin na Roinne - www.defence.ie

2. An Polasaí ar Rúndacht agus ar Shaoráil Faisnéise

Leagann Cuid III den Acht (Taifid Dhíolmhaithe) amach sraith bearta gaolmhara chun faisnéis a bhaineann le réimsí tábhachtacha de ghníomhaíocht an Rialtais (ar a n-áirítear slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta) agus gnóthaí parlaiminte agus cúirte chomh maith le faisnéis de chineál pearsanta, tráchtála agus rúnda, a bhaineann le tríú páirtí, a chosaint. Taobh istigh den chomhthéacs ginearálta sin, áfach, déanfaidh an Roinn agus Bord na nArm-Phinsean gach dícheall oiread cabhrach agus eolais agus is féidir a chur ar fáil do gach iarratasóir.

Má tharlaíonn sé ar chúis ar bith nach mian le duine nó comhlacht éigin go scaoilfeadh an Roinn nó Bord na nArm-Phinsean faisnéis a cuireadh ar fáil dóibh i ngeall ar í a bheith íogair, tá sé dlite ar an duine nó an comhlacht sin, agus an fhaisnéis á cur ar fáil acu, é seo a chur in iúl agus na cúiseanna leis an bhfaisnéis a bheith íogair a mhíniú. Rachaidh an Roinn agus an Bord i ndáil chomhairle le haon duine nó comhlacht a chuireann faisnéis íogair ar fáil dóibh sula nglacfaidh siad cinneadh faoi aon iarratas ar Shaoráil Faisnéise a bhaineann leis an bhfaisnéis úd.

3. Conas faisnéis a fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

3.1 Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Tagann na taifid seo a leanas faoi raon an Achta:

- na taifid uile a bhaineann le faisnéis phearsanta, atá i seilbh na Roinne, is cuma cathain ar cruthaíodh iad;
- gach taifead eile a cruthaíodh ó thosú Acht 1997;
- aon taifead eile atá riachtanach chun taifead reatha a thuiscint.

Tá dualgas orainn freagra a thabhairt ar iarratas ar Shaoráil Faisnéise taobh istigh de cheithre sheachtain.

Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a bhaineann leis an Roinn Cosanta nó le Bord na nArm-Phinsean a sheoladh chuig:

Ms. Áine Fitzpatrick
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua
Co Chill Dare

Teil: (045) 492108.
Facs: (045) 492017.
RP: foi@defence.irlgov.ie

Nóta: Déileálfaidh Oifigeach Saorála Faisnéise na bhFórsaí Cosanta le haon iarratas ar fhaisnéis, a bhaineann leis na Fórsaí Cosanta, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Féach Leabhar Tagartha Alt 15 de chuid na bhFórsaí Cosanta - www.military.ie

Ba chóir na hiarratais a dhéanamh i scríbhinn agus níor mhór a rá gur faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a bhíothas ag lorg an eolais. Má tá an fhaisnéis, atá á iarraidh, de dhíth i gcruth ar leith (e.g. fótachóip nó diosca ríomhaireachta) ba chóir é sin a lua san iarratas. Tabhair oiread mioneolais agus is féidir le gur féidir linn an fhaisnéis atá ag teastáil a aithint. Má tá deacracht agat an fhaisnéis ar leith atá uait a aithint beidh áthas orainn cabhrú leat agus d'iarratas á réiteach agat. Le gur féidir linn faisnéis phearsanta a chosaint agus gan í a scaoileadh ach amháin leosan atá i dteideal í a fháil, tabhair uimhir theileafóin agus tú ag scríobh chugainn i dtreo is gur féidir linn a chinntiú gur tú an duine a deir tú atá ionat.

3.2 Cearta Athbhreithnithe agus Achomhairc

Leagtar amach sraith díolúintí sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise chun faisnéis íogair a chosaint nuair a fhéadfaí dochar a dhéanamh do shainleasanna an Stáit nó thríú pháirtithe trí í a scaoileadh. Má bhaineann comhlacht poiblí úsáid as na forálacha seo chun faisnéis a choinneáil siar is féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh. Is féidir achomharc a dhéanamh freisin in éadan cinntí a bhaineann le rochtain a chur ar athlá, le táillí, le modhanna rochtana etc. Seo iad a leanas na modhanna chun achomharc a dhéanamh:

Athbhreithniú Inmheánach

Ach amháin i gcás Bhord na nArm-Phinsean, mar a ghlacann ceann an chomhlachta na cinntí, is féidir le hiarrthóirí athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh tosaigh a iarraidh, agus déanfar an t-athbhreithniú ar leibhéal na n-oifigeach nó ar leibhéal níos airde:

(a) má bhíonn an t-iarratasóir míshásta leis an bhfreagra tosaigh a fhaigheann sé/sí i.e. diúltú an t-eolas a scaoileadh, modh rochtana, táillí etc. nó

(b) mura bhfaigheann an t-iarratasóir, ar a n-áirítear iarratasóir ar Bhord na nArm-Phinsean, freagra taobh istigh de cheithre sheachtain ó dháta an chéad iarratais. (Áirítear é seo mar dhiúltú ar d'iarratas agus ligtear duit dá réir dul ar aghaidh le hathbhreithniú inmheánach).

Ní mór iarratas ar athbhreithniú inmheánach a dhéanamh taobh istigh de cheithre sheachtain ó dháta an chinnidh tosaigh. Caithfidh an Roinn an t-athbhreithniú a chríochnú taobh istigh de thrí sheachtain. Sa ghnáth-shlí, is gá athbhreithniú inmheánach a bheith críochnaithe sular féidir achomharc a chur chuig an Coimisinéir Faisnéise. Ba chóir iarratais ar athbhreithnithe inmheánacha a chur i scríbhinn agus iad marcáilte mar 'athbhreithniú inmheánach' chuig:

Ms. Áine Fitzpatrick
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua
Co Chill Dare

Teil: (045) 492108.
Facs: (045) 492017.
RP: foi@defence.irlgov.ie

Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise

Tar éis d'athbhreithniú inmheánach a bheith críochnaithe, nó tar éis do cheann Bhord na nArm-Phinsean cinneadh a ghlacadh diúltú d'iarratas, is féidir leis an iarratasóir athbhreithniú neamhspleách ar an gcinneadh a iarraidh ar an gCoimisinéir Faisnéise.

Má tharlaíonn sé, i gcás athbhreithnithe inmheánaigh, nach bhfaigheann an t-iarratasóir freagra ar iarratas taobh istigh de thrí sheachtain, glacfar leis gur ionann é is diúltú agus féadfar achomharc a chur faoi bhráid an Choimisinéara Faisnéise. Féadfar achomhairc i scríbhinn a chur díreach go dtí an Coimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 6395689
Lo Call: 1890 223070
Facs: (01) 6610570
RP: foi@ombudsman.gov.ie

4. Táillí

Tá feidhm leis na táillí seo a leanas i gcás iarratas ar thaifid faoin Acht um Shaoráil Faisnéise:

Táillí Iarratais:

Ní ghearrtar táille ar bith más iarratas ar fhaisnéis phearsanta amháin atá i gceist. Más iarratas atá ann ar thaifead a bhfuil faisnéis neamhphearsanta ann, ní mór táille iarratais de €15 (€10 má tá cárta leighis agat) a chur leis an iarratas. Ní phróiseálfar iarratas Shaoráil Faisnéise ar fhaisnéis neamhphearsanta go dtí go bhfaighfear an táille iarratais.

Táillí Cuardaigh, Aisghabhála agus Cóipeála:

· Gearrtar táillí freisin ar an am a chaitear ag cuardach agus ag aisghabháil taifead a scaoiltear leat de bhun d'iarratais agus fosta ar chóipeáil aon taifid a scaoiltear. Ní móide go dtiocfaidh táillí mar seo i gceist más faisnéis phearsanta atá i gceist le d'iarratas. Seo a leanas rátaí na dtáillí:

· €20.95 san uair an chloig ar chuardach agus ar aisghabháil

· €0.04 an leathanach ar fhótachóip

· €10.16 ar CD-ROM ar a bhfuil cóipeanna de dhoiciméid

Éarlaisí:

· Bíonn éarlais iníoctha nuair a mheastar go mbeidh níos mó ná €50.79 ar chuardach agus ar aisghabháil na dtaifead. I gcás mar seo, caithfear gach dícheall a dhéanamh cuidiú leis an iarratasóir an

t-iarratas a leasú i dtreo is gur féidir an éarlais a laghdú nó déanamh gan í. Ní rachfar níos faide le próiseáil an iarratais mura bhfaightear an éarlais aontaithe.

Laghduithe agus Tarscaoileadh:

· Déanfar táille ar chuardach, aisghabháil agus chóipeáil taifead a tharscaoileadh más mó ná méid an táille féin an costas a ghabhfadh le bailiú an táille agus cuntas a choinneáil air. (Úsáidtear táille de níos lú ná €10 mar threoirlíne sa chás seo).

· Féadfar táille ar chuardach, aisghabháil agus chóipeáil thaifead nó éarlais a laghdú nó a tharscaoileadh sa chás go mbeadh an t-eolas sa taifead ina chabhair ar leith chun ceist, a mbeadh tábhacht náisiúnta ag baint léi, a thuiscint.

. Gabhann táille leis an gcuid is mó d'athbhreithnithe a bhaineann le taifid neamhphearsanta a rochtain. Faigheann daoine a bhfuil cártaí leighis acu laghdú. Cuirfear é seo in iúl duit ag an am cuí.

5. Sonraí agus Feidhmeanna na Roinne

Ráiteas Misin:

Chun soláthar a dhéanamh do chosaint mhíleata an Stáit, chun cur leis an tsíocháin agus an tslándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus chun gach ról eile, a leagann an Stát uirthi, a chomhlíonadh.

Spriocanna Ardleibhéil:

- *Chun soláthar a dhéanamh do chosaint an Stáit i gcoinne ionsaithe armáilte trí acmhainní cuí míleata a chothabháil agus a fhorbairt.*

- *Chun cur le slándáil agus seasmhacht ar an oileán trí chúnamh a sholáthar don uachtaránacht sibhialta nuair a iarrtar a leithéid agus don údarás sibhialta, maille le seirbhísí éigeandála agus neamh-éigeandála eile.*

- *Chun tacú leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chaomhnú trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí faofa, a bhfuil údarás ENA acu, chun tacú leis an tsíocháin, chun géarchéimeanna a bhainistiú agus chun faoiseamh daonnúil a sholáthar.*

- *Chun an chomhairle is fearr is féidir a sholáthar don Aire maidir le polasaí cosanta agus cúrsaí míleata le go bhféadfaí gach gné de sholáthar cosanta a bhainistiú agus soláthar a dhéanamh do riachtanais san am atá romhainn.*

6. Struchtúr agus Eagar

De bhreis ar Oifigí Príobháideacha an Aire, an Aire Stáit agus an Ard-Rúnaí tá sé bhrainse déag státseirbhíse sa Roinn. Tá cur síos orthusan agus ar Bhord na nArm-Phinsean leagtha amach anseo thíos.

7. Na hOifigí Príobháideacha, Brainsí na Státseirbhíse agus Bord na nArm-Phinsean

7.1 Oifig Phríobháideach an Aire Cosanta

Is é an tAire Cosanta ceann na Roinne Cosanta agus cleachtann sé ceannas míleata agus údarás feidhmiúcháin agus riaracháin ar na Fórsaí Cosanta thar ceann an Rialtais.

Is iad seo a leanas príomh-fhreagrachtaí a Oifige Príobháidí:

- Nasc a sholáthar idir an tAire, an Roinn Cosanta agus na húdaráis mhíleata;
- Comhairle agus cúnamh a sholáthar don Aire maidir lena chuid dualgas mar aire;
- Déileáil le comhfhreagras, achainithe, gnó parlaiminteach agus fiosrúcháin;
- Dialann agus coinní poiblí an Aire a eagrú .

Seachadadh Seirbhísí

Cuireann an Oifig seirbhís ar fáil do bhaill an Oireachtais, do ranna eile Rialtais agus d'Oifigí Airí, do thoghthóirí an Aire agus don phobal. Comhthadhlann an Oifig freisin le heagraíochtaí nó grúpaí faoi choinní poiblí an Aire.

Faisnéis ar Fáil

Ní bheidh fáil ar an gcuid is mó den eolas atá inrochtana faoi Acht san Oifig Phríobháideach: is sa bhrainse cuí den Roinn a choinneofar é.

Is féidir teacht ar eolas ó:

Mr. Vincent Lowe,
Rúnaí Príobháideach an Aire
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin

An Droichead Nua,
Co Chill Dara.

Teil.: (045) 492101
Facs: (045) 492007
RP:vincent.lowe@defence.irlgov.ie

7.2 Oifig Phríobháideach an Aire Stáit

Déanann an tAire Stáit ionadaíocht don Aire de réir mar is gá.

Is iad seo a leanas príomh-fhreagrachtaí Oifig Phríobháideach an Aire Stáit:

- Nasc a sholáthar idir an tAire Stáit agus an Roinn Cosanta;
- Comhairle agus cúnamh a sholáthar don Aire Stáit maidir lena chuid dualgas sa Roinn Cosanta;
- Déileáil le comhfhreagras, achainithe, gnó parlaiminteach agus fiosrúcháin;
- Nasc a sholáthar idir an Oifig Phríobháideach agus Príomh-Aoire an Rialtais.
- Dialann agus coinní poiblí an Aire a eagrú.

Seachadadh Seirbhísí

Cuireann an Oifig seirbhís ar fáil do bhaill an Oireachtais, do ranna eile Rialtais agus d'Oifigí Airí, do thoghthóirí an Aire agus don phobal. Comhthadhlann an Oifig freisin le heagraíochtaí nó grúpaí faoi choinní poiblí an Aire.

Faisnéis ar Fáil

Ní bheidh fáil ar an gcuid is mó den eolas atá inrochtana faoi Acht san Oifig Phríobháideach: is sa bhrainse cuí den Roinn a choinneofar é.

Is féidir teacht ar eolas ó:

Mr. Garry Mc Donagh,
Rúnaí Príobháideach an Aire Stáit ag an Roinn Cosanta,
Tithe an Rialtais,
Sráid Mhuirfean Uachtarach,
Baile Átha Cliath 4.
Teil. (01) 6194047

Facs: (01) 619 4238
RP: garry.mcdonagh@defence.irlgov.ie

7.3 Oifig Phríobháideach an Ard-Rúnaí

Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta Cosanta agus do Vóta na nArm-Phinsean.

Ó lá go chéile soláthraíonn a Oifig Phríobháideach nasc idir an tArd-Rúnaí, an Roinn, na Fórsaí Cosanta, Oifigí Príobháideacha eile agus an mórphobal.

Thairis sin, déanann an Oifig monatóireacht ar, agus comhordaíonn sí, ionchur na Roinne i ngnóthaí parlaiminteach ar a n-áirítear ceisteanna Dála, díospóireachtaí Oireachtais agus gnóthaí chomhaltaí phríobháideacha.

Seachadadh Seirbhísí

Soláthraíonn an Oifig seirbhís do na hOifigí Príobháideacha eile, do bhrainsí uile na Roinne, do ranna eile Rialtais agus do chomhlachtaí poiblí is don phobal.

Faisnéis ar Fáil

Is féidir teacht ar eolas ó:

Ms. Eilish Murphy,
Rúnaí Príobháideach an Ard-Rúnaí,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.

Teil. (045) 492117
Facs: (045) 492010.
RP: eilish.murphy@defence.irlgov.ie

7.4 An Brainse Dlíthíochta

Tá an Brainse seo freagrach as bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar:

(a) Éilimh dhlíthiúla, shibhialta a eascraíonn as timpistí nó óspairtí do chomhaltaí na bhFórsaí Cosanta, d'fhostaithe sibhialtacha agus do shibhialtaigh a ghortaítear i dtaismí bóthair a mbíonn feithiclí míleata páirteach iontu.

(b) Dlíthíocht a bhaineann le cásanna dlí riaracháin. Is gnách gur mar imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnacha, a bhaineann le cinntí riaracháin a raibh éifeacht acu ar chomhaltaí na bhFórsaí Cosanta, a bhíonn sna cásanna seo.

Seachadadh Seirbhísí

Bíonn teagmháil forleathan ag an mBrainse seo le raon leathan de na brainsí agus na rannóga eile sa Roinn Cosanta. Is iad a bpríomh-theagmhálacha ná Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an Bord Díobhála, ranna eile Rialtais, aturnaetha agus oifigí/gníomhaíochtaí dála comhlachtaí árachais. Déileáiltear le fiosrúcháin ón mórphobal tríd an fhaisnéis a éilítear a sholáthar nó tríd an bhfiosrúchán a chur ar aghaidh go dtí an t-údarás cuí.

Ó mhí na Nollag 2001 i leith tá freagracht tharmligthe ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, a bunaíodh faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000 i leith láimhseáil a dhéanamh ar fhormhór na n-éileamh nua a dhéantar ar an Aire Cosanta. I 2005 tarmligeadh leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát bainistiú aon éileamh gan íoc nó aon éileamh nua a bhain le caillteanas éisteachta.

Faisnéis ar Fáil

Foilsítear eolas a bhaineann leis an mBrainse Dlíthíochta i Ráiteas Straitéise na Roinne agus sa Tuarascáil Bhliantúil.

Thairis sin, tá teacht ar bhreitheanna cúirte ábhartha i scríbhinn i dtuarascálacha dlí e.g. The Irish Law Reports Monthly nó ó oifigí poiblí Chúirteanna nó ó leabharlanna poiblí áirithe.

Is féidir teacht ar eolas ó:

Ms. Anne O'Neill,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.

Teil. (045) 492132
Facs: (045) 492020
RP: anne.oneill@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Tá taifid ag an mBrainse ar na nithe seo a leanas:

(a) comhaid ar chásanna aonair a bhaineann le héilimh ar leith;
(b) ceisteanna polasaí a bhaineann le cosaint ar éilimh dhlíthíochta;
(c) comhaid ghinearálta a bhaineann le riarachán an Bhrainse.

7.5 Brainse na gConarthaí

Tacaíonn Brainse na gConarthaí leis an aidhm fhoriomlán a chinntiú go mbíonn na Fórsaí Cosanta trealmhaithe mar ba chóir agus glacann sé páirt, i gcomhar leis na húdaráis mhíleata, i gceapadh pholasaí ina leith. Tá feidhm sholáthair ag an mBrainse freisin maidir le trealamh agus le hábhair cosanta, agus tograí móra soláthair chomh maith le seirbhísí trealaimh agus cothabhála don tSeirbhís Chabhlaigh agus don Aerchór. Cuireann an Brainse seirbhísí soláthair ar fáil do Bhrainsí eile sa Roinn, de réir mar a bhíonn gá leo, agus pléann sé freisin le diúscairt threalamh seanchaite na bhFórsaí Cosanta.

Le blianta beaga anuas, ligeann an tarmligean céimnitheach fhreagracht airgeadais do na Fórsaí Cosanta raon leathan d'earraí neamh-chaipitiúla agus de sheirbhísí a sholáthar go díreach. Orthusan tá earraí a bhaineann le gníomhaíochtaí ó lá go chéile e.g. bia, éadaí, iompar agus cothabháil trealaimh agus foirgneamh. Úsáidtear seirbhísí Ghníomhaireacht Sholáthair an Rialtais agus creat-chomhaontaithe láraithe chun earraí a fháil a bhíonn ag teastáil ó roinnt Ranna.

Riartar an soláthar a dhéanann Brainse na gConarthaí agus na húdaráis mhíleata de réir treoirlínte atá leagtha síos ag an Rialtas agus de réir Treoracha an Aontais Eorpaigh.

Tá an Brainse lonnaithe i gColáiste Caoimhín, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9 agus seo a leanas a struchtúr:

- 7.5.1 **Trealamh Cosanta** , Mór-thograí Trealaimh, Soláthar Aerárthaí.
- 7.5.2 **Polasaí Soláthair agus Riarachán**, Árthaí don tSeirbhís Chabhlaigh, Tograí Aerárthaí agus Diúscairt Stóras agus Trealamh Barrachais.

7.5.1 Trealamh Cosanta

Scrúdaíonn agus luachálann an réimse seo moltaí a bhaineann le soláthar trealaimh cosanta agus ceannach trealaimh ar an mórchóir don Arm, don Aerchór agus don tSeirbhís Chabhlaigh agus eagraíonn sé ceannach aon trealamh a bhfuil gá leis.

7.5.2 Polasaí Soláthair agus Riarachán

Déanann an réimse seo cúram de Riarachán Ginearálta Bhrainse na gConarthaí. Anuas air sin, eagraíonn sé comórtais chun trealamh mór a cheannach e.g. Polasaí Athchur Árthaí na Seirbhíse Chabhlaigh, agus aerárthaí nua agus trealamh fhaireachas iascaireachta don Aerchór. Ar ócáidí, déanann sé na socruithe chun stórais agus trealamh, a shíleann na húdaráis mhíleata a bheith iomarcach nó seanchaite, a dhiúscairt.

Seachadadh Seirbhísí

Soláthraíonn an Brainse seirbhísí don phobal i bhfoirm eolais do sholáthraithe nó do sholáthraithe féideartha earraí agus seirbhísí don Roinn agus do na Fórsaí Cosanta.

Is féidir teacht ar Threoracha an Aontais Eorpaigh faoi sholáthar poiblí ar an suíomh gréasáin seo a leanas: http://eur-lex.europa.eu

Faisnéis ar Fáil

Is féidir teacht ar eolas ó:

Brainse na gConarthaí,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
Teil (045) 492414/2361.
RP: nora.moloney@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Tá taifid ag an mBrainse ar na nithe seo a leanas:

a) Pleananna a bhaineann le Trealamh Cosanta;
b) Tarmligean údarás soláthair don Cheann Foirne;
c) Polasaí Soláthair agus Pleanála;
d) Mionsonraí faoi sholáthraithe;
e) Mioneolas faoi Chomórtais Tairisceana;
f) Mioneolas ar Orduithe;
g) Deimhnithe Imréiteach Cánach;
h) Riarachán Ginearálta an Bhrainse.

7.6 Brainse Réitigh agus Eadrána na bhFórsaí Cosanta

Tá an Brainse seo freagrach as riarachán a dhéanamh ar Scéim Réitigh agus Eadrána, a bunaíodh i 1993, do Chumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta (RACO) agus do Chumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach (PDFORRA). Pléann an Brainse chomh maith le Cumann Ionadaíochta na nÓglach Cúltaca (RDFRA) agus le Cumann Altraí na hÉireann (INO) atá ionadach do bhaill Sheirbhís Altranais an Airm.

Seachadadh Seirbhísí

Soláthraíonn an brainse seo seirbhísí do RACO, PDFORRA, RDFRA agus don INO.

Faisnéis ar Fáil

Is féidir teacht ar eolas ó:

Ms. Mary Murray,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.

Teil.: (045) 492217
Facs: (045) 492011
RP: mary.murray@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Tá taifid ag an mBrainse ar na nithe seo a leanas:

(a) Scéimeanna Réitigh agus Eadrána;

(b) Éilimh a dhéanann Cumainn éagsúla;

(c) Tuairiscí Aontaithe agus Easaontaithe;

(d) Rátaí pá agus liúntais do bhaill na bhFórsaí Cosanta;

(e) Eagrú comórtas do phrintíseachtaí, do dhaltais agus do shainoifigigh;

(f) Earcú phearsanra chun seirbhíse ginearálta sna Buan-Fhórsaí Cosanta;

(g) Boird agallaimh d'oifigigh agus do dhaltaí a eagrú;

(h) Arduithe céime d'Oifigigh sna Buan-Fhórsaí Cosanta;

(i) Uiríll a dhéantar thar ceann bhaill agus iar-bhaill na bhFórsaí Cosanta agus iarrthóirí ar liostáil;

(j) Riarachán Ginearálta an Bhrainse.

7.7 Brainse Pholasaí Pearsanra na bhFórsaí Cosanta

Seo a leanas struchtúr an Bhrainse:

- 7.7.1 Rannóg Phearsanra agus Shásaimh as Éagóracha na bhFórsaí Cosanta
- 7.7.2 Rannóg Pholasaí Pearsanra na bhFórsaí Cosanta

7.7.1 Rannóg Phearsanra agus Shásaimh as Éagóracha na bhFórsaí Cosanta

Tá an Rannóg seo freagrach as:

(a) Uiríll chuig Ombudsman na bhFórsaí Cosanta (ODF), nó chuig an Aire, ag eascairt as próiseas Shásamh as Éagóracha (Alt 114) a phróiseáil;
(b) Próiseáil a dhéanamh ar uiríll a bhíonn curtha ar aghaidh ag an Aire chuig an Oifigeach um Fhiosrú Gearán (CIO);
(c) Gnóthaí Riaracháin a bhaineann le hOifig an ODF agus an CIO;
(d) Cumarsáid le aturnaetha maidir le ceisteanna a bhaineann le pearsanra míleata;
(e) Riarachán scéim na Vótála Poist.

Seachadadh Seirbhísí

Soláthraíonn an Rannóg seo seirbhísí do na Fórsaí Cosanta, don ODF, don Oifigeach um Fhiosrú Gearán, d'aturnaetha agus do chomhlachtaí eile i dtaca le gnóthaí pearsanra míleata. Ní sholáthraíonn an Rannóg seo seirbhísí go díreach don phobal.

Faisnéis ar Fáil

Is féidir teacht ar eolas ó:

Ms. Eileen Murphy,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
Teil. (045) 492124
RP: eileen.murphy@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

(a) Taifid ar chásanna a bhain le hachomhairc chuig an ODF agus chuig an Aire a d'eascair as próiseas Shásamh as Éagóracha (Alt 114);
(b) Taifid ar chásanna a bhain le hacomhairc a d'eascair as próiseas Shásamh as Éagóracha (Alt 114) atá curtha ar aghaidh ag an Aire chuig an Oifigeach um Fhiosrú Gearán (CIO);
(c) Uiríll a rinneadh i dtaca le hábhair ar dhéileáil an Rannóg leo, litreacha ó aturnaetha san áireamh;
(d) Vótáil Poist;
(e) Riarachán Ginearálta na Rannóige.

7.7.2 Rannóg Pholasaí Pearsanra na bhFórsaí Cosanta

Tá an Rannóg seo freagrach as:

(a) Polasaithe Pearsanra na bhFórsaí Cosanta a athbhreithniú agus a fhorbairt;
(b) Rannpháirtíocht i ngrúpaí polasaí idir-rannach;
(c) Éilimh ar Shaorchúnamh Dlí, a bhaineann le cásanna dlí míleata, a íoc;
(d) Próisis phearsanra neamh-tharmligthe sna Fórsaí Cosanta, ar a n-áirítear Ceapacháin agus Coimisiúnú, Scor, Arduithe Céime sna hArdghráid agus sa Chúltaca, Gealltanais Seirbhíse agus Scéim Tiomantais an Aerchóir;
(e) Meamraim a réiteach don Rialtas de réir mar is gá;
(f) Bord Ceaintín na bhFórsaí Cosanta;
(g) Ceisteanna polasaí a bhaineann le boinn mhíleata.

Seachadadh Seirbhísí

Soláthraíonn an Rannóg seo seirbhísí do na Fórsaí Cosanta, do dhaoine aonair, do ranna eile Rialtais agus do chomhlachtaí eile i dtaca le gnóthaí pearsanra míleata. Ní sholáthraíonn an Rannóg seo seirbhísí go díreach don phobal.

Faisnéis ar Fáil

Is féidir teacht ar eolas ó:

Ms Amy Hubbard,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
Teil. (045) 492043

Aicmí Taifead

(a) Comhaid a bhaineann le réimsí ábhartha polasaí;
(b) Bunaíocht agus Neart na bhFórsaí Cosanta;
(c) Ceapadh oifigeach sa PDF agus san RDF;
(d) Arduithe céime oifigeach chuig céim Bhriogáidire-Ghinearál nó céim níos aired;
(e) Arduithe céime d'oifigigh san RDF;
(f) Sealscarúint oifigeach;
(g) Coinneáil oifigeach sa tseirbhís;
(h) Scor, éirí as nó briseadh oifigeach;
(i) Uiríll a dhéantar i dtaca le gnóthaí a bpléann an Rannóg seo leo;
(j) Gealltanais seirbhíse;
(k) Scéim Tiomantais an Aerchóir;
(l) Taifid ar bhoinn mhíleata;
(m) Ilnithe ar a n-áirítear caitheamh éide, cúrsaí míleata etc;
(n) Riarachán Ginearálta na Rannóige.

7.8 An Brainse Reachtaíochta

Tá an rannóg seo freagrach as:

(a) Próiseáil a dhéanamh ar reachtaíocht na Roinne mar is gá chun an tAcht Cosanta 1954 a leasú nó a shíneadh, 1954;

(b) Rialacháin na bhFórsaí Cosanta a leasú, a shimpliú agus a chomhdhlúthú chun feidhm a thabhairt do chuid mhór d'fhorálacha an Acht Cosanta 1954;

(c) Comhordú a dhéanamh ar fhreagraí na Roinne ar reachtaíocht an AE agus ar mholtaí a bhaineann le reachtaíocht mholta intíre.

Seachadadh Seirbhísí
Ní sholáthraíonn an rannóg seo seirbhísí go díreach don phobal.

Faisnéis ar Fáil

Is féidir cóipeanna de phíosaí reachtaíochta, an tAcht Cosanta, 1954 san áireamh, agus píosaí eile reachtaíochta cosanta a cheannach ó:

Oifig Díolacháin Fhoilseacháin Rialtais,
Teach Sun Alliance,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2.
Teil. (01) 6476834/37 or 1890213434;
Facs: (01) 6476843 or (094) 9378964;

nó is féidir iad a ordú tríd an bpost ó:

Foilseacháin Rialtais ,
Rannóg Thrádáil Phoist,
Aonad 20,
Páirc Mhiondíola Cois Locha,
Clár Clainne Mhuiris,
Co. Mhaigh Eo.

Is féidir Rialacháin na bhFórsaí Cosanta, a thugann feidhm do mhórchuid d'fhorálacha an Acht Cosanta, 1954, agus é leasaithe, a fháil ón Rannóg trí dul i dteagmháil le:

Mr. Derek McConnon,
An Brainse Reachtaíochta,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
Teil. (045) 492489
RP: derek.mcconnon@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Tá taifid ag an mBrainse ar na nithe seo a leanas:

(a) An tAcht Cosanta 1954, agus reachtaíocht a lean é á leasú agus á shíneadh;

(b) Rialacháin na bhFórsaí Cosanta agus leasúcháin ar na rialacháin seo;

(c) Bunaíocht na bhFórsaí Cosanta ;

(d) Meamraim a thógann Ranna eile os comhair an Rialtais agus reachtaíocht á chuireann Ranna eile ar aghaidh a fhéadfadh éifeacht a bheith aici ar ghnóthaí Cosanta;

(e) Riaracháin Ginearálta na Rannóige.

7.9 An Brainse Feidhmeannais

Tá feidhmeanna polasaí agus riaracháin ag an mBrainse seo a bhaineann le mórchuid de na róil atá ag na Fórsaí Cosanta. Seo a leanas struchtúr an Bhrainse:

- 7.9.1 An tAonad um Shlándáil agus um Thacaíocht Phobail
- 7.9.2 An tAonad Eitlíochta agus Muirí

7.9.1 An tAonad um Shlándáil agus um Thacaíocht Phobail

Áirítear i measc freagrachtaí na Rannóige seo feidhmeanna polasaí agus riaracháin maidir le:

- Slándáil intíre ar a n-áirítear na Fórsaí Cosanta cúnamh a sholáthar do na cumhachtaí sibhialta (ATCP);

- Cúnamh a sholáthraíonn na Fórsaí Cosanta don údarás sibhialta (ATCA) ar a n-áirítear tacú leis na príomh-ghníomhaireachtaí freagartha le linn géarchéimeanna móra agus seirbhísí riachtanacha pobail a choinneáil sa siúl;
- Iarratais ón bpobal ar sheirbhísí ó na Fórsaí Cosanta e.g. tacaíocht d'imeachtaí pobail, na Fórsaí Cosanta taispeántais a thabhairt nó trealamh a fhruiliú do ghrúpaí pobail e.g. pubaill;
- Dualgais searmanais ag na Fórsaí Cosanta ar a n-áirítear searmanais bhliantúla Dhomhnach Cásca 1916 agus Chnoc an Arbhair;
- Gnóthaí a bhaineann le Cumann Croise Deirge na hÉireann ar a n-áirítear Deontas-i-gCabhair bliantúil a íoc, achtú riachtanais reachtúla ar bith agus ceapadh ainmnithe Rialtais ar Lár-Chomhairle an Chumainn.

7.9.2 An tAonad Eitlíochta agus Muirí

Ar dhualgais na Rannóige seo tá feidhmeanna polasaí agus riaracháin a bhaineann le:

- An tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh cúnamh a thabhairt don Chumhacht/Údarás Sibhialta;
- An tAerchór a bheith páirteach i seirbhísí otharchairr;
- Seirbhís Aer-Iompair na nAirí a sholáthar;
- Comhairle polasaí a sholáthar don Bhord Cosanta Sibhialta;
- Gníomhaíochtaí na Seirbhíse Cabhlaigh, ar a n-áirítear a rannpháirtíocht i slándáil mhuirí, i gcosaint is i smacht muirí;
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí um chosaint iascaireachta;
- Iarratais ar árthaí na Seirbhíse Chabhlaigh le cuairt a thabhairt ar chalafoirt ag baile nó thar lear;
- Iarratais ar an Aerchór eitilt thar bhráid ag imeachtaí pobail;
- An tAerchór freastal ar aer-sheónna intíre agus thar lear;
- Scoil Eachaíochta an Airm.

Seachadadh Seirbhísí

Ag fágáil i leataobh na n-eisceachta soiléire thuas, ní chuireann an Brainse Feidhmeannais seirbhísí ar fáil go díreach don phobal.

Fáil ar Eolas

Is féidir teacht ar eolas ó:

Mr. Rose Kearney,
An tAonad um Shlándáil agus um Thacaíocht Phobail ,
An Brainse Feidhmeannais,
An Roinn Cosanta
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,

Ms. Bernadette Maguire,
An tAonad Eitlíochta agus Muirí,
An Brainse Feidhmeannais,
An Roinn Cosanta
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,

Co Chill Dara.
RP: rose.kearney@defence.irlgov.ie
Teil.: (045) 492213

Co Chill Dara.
RP:bernadette.maguire@defence.irlgov.ie
Teil.: (045) 492308

Aicmí Taifead

Tá taifid ag an mBrainse ar na nithe seo a leanas:
(a) Gnóthaí polasaí agus riaracháin;
(b) Riarachán ginearálta an Bhrainse.

7.10 An Brainse Airgeadais agus Rannóg an Iniúchta Inmheánaigh

Tá an Brainse Airgeadais lonnaithe in oifigí na Roinne ag an Rinn Mhór, Gaillimh. Tá foireann de thart faoi 140 duine aige.

Eagraítear obair an Bhrainse faoi thrí cheannteideal ginearálta:

- 7.10.1 Pinsin
- 7.10.2 Párolla
- 7.10.3 Cuntais/Íocaíochtaí

Tá Rannóg an Iniúchta Inmheánaigh lonnaithe sa Rinn Mhór ach tá sé scartha ón mBrainse Airgeadais agus feidhmíonn sé neamhspleách air. Tá eolas ábhartha áirithe ar fáil i 7.10.4.

7.10.1 Pinsin

Tá réimse na bpinsean freagrach as pinsin agus aiscí a dheonú agus a íoc le baill na bhFórsaí Cosanta atá ar scor agus lena gcleithiúnaigh atá ina mbeatha, chomh maith le nuachair sheansaighdiúirí a throid i gCogadh na Saoirse. Riarann an réimse cóid aoisliúntais agus pinsin mhíchumais iar-bhaill na bhFórsaí Cosanta. Tá freagracht air as gnóthaí a bhaineann le polasaí pinsin a cheapadh agus a riaradh agus freisin as reachtaíocht a bhaineann leis na catagóirí seo. Tá an réimse freagrach as pinsin a íoc ar bhonn míosúil le 11,000 éigin pinsinéir i raon catagóirí agus as caiteachas agus gnóthaí cuntasaíochta a bhaineann le Vóta na nArm-Phinsean.

Tá réimse na bPinsean roinnte i dtrí rannóg ar leith

- 7.10.1.1 Riarachán na bPinsean
- 7.10.1.2 Íocaíocht na bPinsean
- 7.10.1.3 Polasaí Pinsin

7.10.1.1 Rannóg Riarachán na bPinsean

Tá an Rannóg seo freagrach as aiscí agus pinsin, pinsin mhíchumais san áireamh, a dheonú do bhaill na mBuan-Fhórsaí Cosanta atá ar scor agus dá nuachair is dá gcleithiúnaigh atá ina mbeatha. Tá an

Rannóg freagrach chomh maith as íocaíochtaí a dheonú do bhaill Chúltaca an Airm agus Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh a gortaíodh agus iad i mbun dualgais agus as liúntais a dheonú do nuachair Sheansaighdiúirí Chogadh na Saoirse.

Tá an Rannóg roinnte i dtrí fho-rannóg a bhfuil na príomhdhualgais seo a leanas orthu:-

Riarachán na nAoisliúntas: Tá an fho-rannóg seo freagrach as pinsin ghairme agus aiscí a chinntiú i gcás iar-bhaill na mBuan-Fhórsaí Cosanta, maille lena nuachair agus a gcleithiúnaigh atá ina mbeatha. Tá an fho-rannóg freagrach fosta as orduithe cúirte (orduithe coigeartaithe pinsin) a riaradh agus as riarachán sheirbhís inphinsin a aistriú idir na Fórsaí Cosanta agus comhlachtaí eile Stáit.

Tá an fho-rannóg a phléann le *Riarachán na bPinsean Míchumais agus Sheansaighdiúirí* freagrach as teidlíocht do phinsin mhíchumais agus d'aiscí míthreoracha d'iar-bhaill na bhFórsaí Cosanta, a gortaíodh agus iad i mbun dualgais, a chinntiú maille le liúntais do chleithiúnaigh iar-bhall atá ar shlí na fírinne. Déanann an fho-rannóg seo taighde chomh maith do dhaoine faoi rannpháirtíocht a ngaolta in Éirí Amach 1916 agus i gCogadh na Saoirse agus soláthraíonn sé an t-eolas dóibh. Soláthraíonn an fho-rannóg seo chomh maith teastais ar bhoinn (i gcás na mbonn a cailleadh) do ghaolta na ndaoine a ghlac páirt in Éirí Amach 1916 agus i gCogadh na Saoirse.

Tá an fho-rannóg a phléann le *hAthbhreithniú ar Phinsin Mhíchumais/Cothabháil na Rátaí* freagrach as arduithe pinsin a chur i bhfeidhm agus as rátaí nua pinsin a sholáthar do chóras párolla na bpinsean. Tá an fho-rannóg seo freagrach fosta as cásanna a bhaineann le pinsean/aisce míthreorach nuair atá iar-bhall de na Fórsaí Cosanta tar éis cúiteamh a fháil ó fhoinse eile. Soláthraíonn an fho-rannóg seo freisin ráitis ar ghráid agus í ag comhlíonadh na Rialachán um Nochtadh Faisnéise.

Seachadadh Seirbhísí

Bronntar pinsin seirbhíse agus/nó aiscí orthusan a théann ar scor as na Buan-Fhórsaí Cosanta faoi réir choinníollacha riachtanacha áirithe. Gníomhaíonn Rannóg Riarachán na bPinsean nuair a fhaigheann siad fógra scoir agus mioneolas ar sheirbhís ó na húdaráis mhíleata. (Níl aon ghá le hiarratais ón duine féin).

Más mian le hiar-bhall de na Buan-Fhórsaí Cosanta iarratas a dhéanamh ar phinsean míchumais ní mór dó/di an t-iarratas a chur chuig Rannóg Riarachán na bPinsean taobh istigh de bhliain tar éis dó/di dul ar scor má bhaineann an míchumas le goin/gortú a fuarthas de dheasca seirbhíse míleata nó taobh istigh de ocht mbliain má bhaineann an míchumas le galar a d'eascair as seirbhís thar lear leis na Náisiúin Aontaithe [ENA]. Más seirbhís thar lear leis na Náisiúin Aontaithe is cúis le bás nó le míchumas bhall de na Buan-Fhórsaí Cosanta is féidir cnapshuim a íoc mar chúiteamh faoi réir choinníollacha áirithe mar chuid de scéim sheachreachtúil.

Má ghortaítear ball de Chúltaca an Airm nó de Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh agus é/í i mbun dualgais is féidir leis/léi cúiteamh a iarraidh faoi scéim sheachreachtúil. Ní mór an t-iarratas a chur chuig Rannóg Riarachán na bPinsean taobh istigh de shé mhí ón am ag a fhaigheann sé/sí an gortú. Tá soláthar sa scéim freisin do chúiteamh i gcás báis.

I gcás báis do bhall nó d'iar-bhall de na Buan-Fhórsaí Cosanta is féidir go mbeadh a mhuintir, atá fós ina mbeatha, i dteideal sochair áirithe. Ag brath ar na cúinsí báis d'fhéadfadh sé bheith riachtanach do na hiarsmaí iarratas a chur chuig Rannóg Riarachán na bPinsean i leith a gcuid teidlíochtaí. Ar ndóigh,

tig le cleithiúnaigh atá ina mbeatha dul i dteagmháil Rannóg Riarachán na bPinsean chun comhairle a lorg .

Faisnéis ar Fáil

Tá soláthar reachtúil ann chun go ndeonófaí pinsin nó aiscí le hiar-bhaill na mBuan-Fhórsaí Cosanta agus lena gcleithiúnaigh a mhaireann chomh maith le catagóirí áirithe eile sa reachtaíocht seo thíos:

(a) Achtanna Fórsaí Cosanta (Pinsin), 1932 chuig 1975

Eascraíonn cód aoisliúntais na mBuan-Fhórsaí Cosanta as na hAchtanna seo agus tá sé leagtha amach i sraith Ionstraimí Reachtúla viz. Scéimeanna (Pinsin) na bhFórsaí Cosanta

(b) Achtanna an nArm-Phinsean , 1923 chuig 1980

Is éard atá go bunúsach sna hAchtanna seo agus i rialacháin ghaolmhara ná cód dhíobháil cheirde mhíleata. Tá soláthar déanta chun pinsin agus liúntais (agus, i gcásanna áirithe, aiscí) a dheonú i gcás báis nó míchumais do bhaill na mBuan-Fhórsaí Cosanta de dheasca seirbhís mhíleata. Tá soláthar sna hAchtanna seo freisin do phinsin agus liúntais do chleithiúnaigh sheansaighdiúirí.

(d) An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004

Chomh fada is a bhaineann sé leis na Buan-Fhórsaí Cosanta, leagann an tAcht seo síos íos-aois de 50 ag ar féidir pinsean a íoc le pearsanra nua míleata sna Buan-Fhórsaí Cosanta a cheaptar ar, nó i ndiaidh, 1 Aibreán 2004. Tá soláthar san Acht chomh maith chun scéim nó scéimeanna aoisliúntais a cheapadh d'iontrálacha nua mar iad.

Ó am go chéile, bíonn na socruithe pinsin faoi chaibidil faoi Scéim Réitigh agus Eadrána na mBuan-Fhórsaí Cosanta.

Tá mioneolas faoin aoisliúntas agus faoi shochar míchumais le fáil sna Leabhráin Phinsin do Phearsanra Liostáilte agus d'Oifigigh. Leagtar amach, i nótaí ar leith, mioneolas faoin scéim chúitimh sheachreachtúil i dtaca le seirbhís áirithe ag pearsanra na mBuan-Fhórsaí Cosanta le ENA agus an scéim chúitimh sheachreachtúil do Chúltaca an Aire agus do Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh.

Is féidir cóipeanna d'Achtanna éagsúla, de Scéimeanna Pinsin na bhFórsaí Cosanta agus de Rialacháin na nArm-Phinsean a fháil ó:

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2.

Teil.: (01) 661 2111.
Facs.: (01) 475 2760.

nó is féidir iad a ordú tríd an bpost ó:

Foilseacháin Rialtais,
Rannóg na Post-Trádála,
51 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

Leabhráin Phinsin: Ar fáil trí na Buan-Fhórsaí Cosanta ar fad agus ó na daoine atá ainmnithe thíos. Tá teacht orthu go léir tríd an bpost ag an seoladh seo a leanas:

Rannóg Riarachán na bPinsean,
An Roinn Cosanta,
Áras an tSáile,
An Rinn Mhór,
Gaillimh.
Mr Martin Crean
Teil.: (091) 743838.

Ms. Angela Feely,
Teil: (091) 743903.

Tá eolas ar fáil faoi na scéimeanna seachreachtúla ó:

Ms. Rita Fitzgerald,
Teil.: (091) 743844.

Tabhair faoi deara gur féidir an uimhir LoCall 1890- 426444 a dhiailiú agus an té atá uait a iarraidh chomh maith le glaoch ar na línte díreacha thuasluaite.

Aicmí Taifead

Coinníonn an Rannóg seo taifid ar bhealaí éagsúla i.e. comhaid, fillteáin, Kardex-anna, bunachair ríomhaireachta agus liostú ríomhaireachta. Baineann an t-eolas le cinntiú teidlíochtaí dhaoine aonair agus mioneolas ar na teidlíochtaí.

7.10.1.2 An Rannóg um Íocaíocht Pinsean

Tá an rannóg seo freagrach as pinsin agus liúntais a íoc le, nó i dtaca le, iar-bhaill na mBuan-Fhórsaí Cosanta agus tá dhá fho-rannóg inti mar seo a leanas:

Rialúchán: pléann sé seo le fiosrúcháin faoi cháin agus faoi ÁSPC agus asbhaintí deonacha a bhaineann le scéimeanna VHI, CAOGA agus GANBO agus le síntiúis do ONET (ar a dtugtaí ONE), IUNVA agus ARCO. Pléann sé chomh maith le ró-íocaíochtaí.

Tá Rannóg na nÍocaíochtaí freagrach as:

- Pinsin sheirbhíse a íoc le hoifigigh, le ONC-anna agus le saighdiúirí singil ó na Buan-Fhórsaí Cosanta atá ar scor agus lena gcleithiúnaithe
- Pinsin mhíchumais a íoc

- Liúntais a íoc le nuachair sheansaighdiúirí Chogadh na Saoirse, atá ar shlí na fírinne, agus deontais a dhíol ar shochraidí sheansaighdiúirí a fhaigheann bás.

Seachadadh Seirbhísí

Íocaíocht mhíosúil phinsin le 11,000 éigin iar-bhall de na Buan-Fhórsaí Cosanta, le seansaighdiúirí Chogadh na Saoirse agus lena nuachair is a bpáistí a mhaireann

Faisnéis ar Fáil

Is féidir eolas a fhail faoin Rannóg um Íocaíochtaí Pinsean agus a cuid fo-rannóga ó na daoine atá liostáilte thíos. Tabhair faoi deara go dtig leat glaoch ar an uimhir LoCall 1890- 426444 agus an duine cuí a iarraidh chomh maith le glaoch ar a n-uimhreacha díreacha.

An Rannóg um Íocaíochtaí Pinsean

Mr. Philip Neilan,
An Rannóg um Íocaíochtaí Pinsean,
An Roinn Cosanta,
Áras an tSáile,
An Rinn Mhór,
Gaillimh.
Teil.: (091) 743823.
RP: philip.nealon@defence.irlgov.ie

Fo-Rannóg		**Uimhir Teagmhála (réimír 091 leo uile)**
Rialúchán	Ms Catherine Browne	743824 Lo-call 1890426444 fo-líne 3824 RP: Catherine.browne@defence.irlgov.ie
Rannóg na nÍocaíochtaí		
	Ms. Cheryl Kilcoyne	743834 Lo-call 1890426444 fo-líne 3834 RP: cheryl.kilcoyne@defence.irlgov.ie
	Mr. Martin Hughes	743811 Lo-call 1890426444 fo-líne 3811 RP: martin.hughes@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Is iad comhaid íocaíochta pinsin do na pinsinéirí aonair na taifid a choinnítear. Córas ríomhchuidithe é an Córas Íocaíochta Pinsin agus tá taifid ann i bhformáid ríomhairithe a bhaineann le híocaíocht na

bpinsean agus le hasbhaintí deonacha agus reachtúla. Coimeádtar anseo freisin taifid ar shonraí staitistiúla agus cuntasaíochta.

7.10.1.3 Rannóg Pholasaí Pinsin

Tá an rannóg seo freagrach as polasaí pinsin, reachtaíocht agus scéimeanna a cheapadh agus a athbhreithniú. Ní sholáthraíonn sí seirbhísí go díreach don phobal. Baineann na comhaid atá aici go príomha le ceisteanna polasaí, reachtaíocht phríomhúil agus reachtaíocht thánaisteach san áireamh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó:-

Mr. Breffni O'Rourke,
Rannóg Pholasaí Pinsin,
An Roinn Cosanta,
Áras an tSáile,
An Rinn Mhór,
Gaillimh.
Teil.: (091) 743820.
RP: breffni.orourke@defence.irlgov.ie

7.10.2 Párolla

Tá réimse an Phárolla freagrach as pá agus liúntais a íoc le fostaithe uile na Roinne agus na bhFórsaí Cosanta, ar 11,700 a líon go hachomair. Tá sé roinnte i seacht rannóg i.e. (i) Pá Shaighdiúirí (ii) Rialúchán an Phárolla (iii) Pá na nOifigeach (iv) Pá Sibhialtach (v) Pá an Chúltaca (vi) Pá na Státseirbhíse agus (vii) Costais Taistil agus Chothabhála.

Tá Rannóga uile an Phárolla freagrach as pá agus liúntais a íoc go cruinn agus go pointeáilte leis na fostaithe go léir.

Tá Rannóg Phá an Chúltaca freagrach chomh maith as íocaíochtaí ilghnéitheacha a phróiseáil e.g. liúntais bhialainne agus deontais ar chistí aonaid i leith an Chúltaca.

Tá an Rannóg Taistil agus Cothabhála freagrach as gach éileamh taistil agus cothabhála a phróiseáil agus a íoc.

Rannóg Rialúcháin an Phárolla: Deimhníonn an rannóg seo sonraí párolla d'oifigigh agus do phearsanra liostáilte agus cinntíonn sé go mbíonn na hasbhaintí uile, bídís reachtúil nó deonach, déanta, réitithe agus íoctha leis ag gcomhlacht Stáit ábhartha nó leis an eagraíocht chuí eile go cruinn agus go pointeáilte.

Seachadadh Seirbhísí

Déantar na híocaíochtaí ar bhonn seachtainiúil, coicísiúil nó míosúil isteach i gcuntas an duine le hinstitiúid airgeadais nó díreach leis an duine féin.

Faisnéis ar Fáil

Tá fáil ar eolas faoi réimse an Phárolla agus faoina Rannóga ar leith ó na daoine atá liostáilte thíos. Tabhair faoi deara go dtig leat glaoch ar uimhir LoCall 1890 426444 agus an duine cuí a iarraidh nó glaoch ar na huimhreacha díreacha atá tugtha.

Rannóg		Uimhir Theagmhála (réimír 091 rompu uile)
Pá Shaighdiúirí	Ms Carmel O'Malley	743743 RP: carmel.omalley@defence.irlgov.ie
Rialúchán an Párolla	Mr. Gerry Doyle	743775 RP: gerry.doyle@defence.irlgov.ie
Pá na nOifigeach, Pá na Sibhialtach agus Pá an Chúltaca	Mr. Jerry Daly	743788 RP: jerry.daly@defence.irlgov.ie
Pá na Státseirbhíse agus Taisteal is Cothabháil	Mr. Gerry Fogarty	743790 RP gerry.fogarty@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Coinnítear mioneolas faoi phá dhaoine aonair ar an ríomhaire. Coinnítear taifid níos sine ar chártaí taifid agus ar mhicreascannán. Coinnítear taifid chomh maith ar éilimh ar chostais taistil agus chothabhála ar bhonn an duine aonair.

Anuas air seo tá comhaid ann a bhaineann le cúrsaí riaracháin, le hasbhaintí deonacha is reachtúla agus le réitigh.

7.10.3 Cuntais/Íocaíochtaí

Tá an réimse seo freagrach as leabhair agus cuntais na Roinne a choinneáil; as na Cuntais Leithreasa a ullmhú do na Vótaí ar Chosaint agus ar Arm-Phinsin araon; torthaí agus réamhaisnéis chaiteachais a chur le chéile; próiseas na Meastachán a chomhordú; costálacha a réiteach; agus díol as na cuntais a bhaineann le soláthairtí/seirbhísí a chuirtear ar fáil do na Fórsaí Cosanta agus don Roinn.

Tá cúig rannóg sa réimse seo i.e. Oifig an Airgid, Rannóg na gCuntas Airgeadais, Rannóg Chuntais na Soláthraithe, Rannóg na gCuntas Míochaine agus na Cuntais Bainistíochta.

Oifig an Airgid: Eisíonn sí na hOrduithe Íocaíochta uile de bhun treoracha taobh istigh den Roinn agus de na Fórsaí Cosanta agus coinníonn sí cuntas ar gach airgead a fhaightear.

Rannóg na gCuntas Airgeadais: Coinníonn sí na taifid airgeadais riachtanacha agus tugann sí cuntas ar an Vóta Cosanta agus ar Vóta na nArm-Phinsean. Ullmhaíonn sí na Cuntais Leithreasa bliantúla. Tá feidhm monatóireachta agus tuairiscithe ar chaiteachas aici freisin (don bhainistíocht shinsearach agus do choinneálaithe sinsearacha buiséid).

Rannóg Chuntais na Soláthraithe: Próiseálann sí chun íocaíochta gach sonrasc, a mheaitseáiltear le hordú ceannaigh, i leith earraí agus seirbhísí a sholáthraítear don Roinn, do na Fórsaí Cosanta agus do Cheanncheathrú na Cosanta Sibhialta.

Rannóg na gCuntas Míochaine: Próiseálann sí íocaíochtaí i leith cóireála leighis do phearsanra Mhíleata.

Rannóg na gCuntas Bainistíochta: Déanann an rannóg seo costáil ar sheirbhísí éagsúla agus tugann sí comhairle agus cúnamh ar ghnóthaí cuntasaíochta agus bainistíochta do réimsí eile sa Roinn chomh maith leis na Meastacháin agus le feidhmeanna a bhaineann leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí.

Seachadadh Seirbhísí

Rannóg na gCuntas Airgeadais: Ní chuireann an rannóg seirbhísí ar fáil don phobal agus ní bhíonn aon teagmháil aici leis an bpobal.

Oifig an Airgid: Eisíonn an oifig íocaíochtaí le soláthraithe earraí agus seirbhísí don Roinn agus do na Fórsaí Cosanta.

Rannóg Chuntais na Soláthraithe: Próiseálann sí sonraisc agus socraíonn sí íocaíochtaí tríd an Oifig Airgid. Seachas déileáil le gnáth-cheisteanna ó sholáthraithe faoi stádas íocaíochtaí dlite, ní sholáthraíonn sí seirbhísí go díreach don phobal.

Rannóg na gCuntas Míochaine: Próiseálann sí íocaíochtaí tríd an Oifig Airgid. Seachas déileáil le gnáth-cheisteanna ó sholáthraithe sheirbhísí leighis faoi stádas íocaíochtaí dlite, ní sholáthraíonn sí seirbhísí go díreach don phobal.

Rannóg na gCuntas Bainistíochta: Ní sholáthraíonn sí seirbhísí go díreach don phobal agus is ar éigean a bhíonn aon teagmháil aici leis an bpobal.

Faisnéis ar Fáil

Tá teacht ar an gcuid is mó den eolas foilsithe, a bhaineann leis an réimse seo, sna Cuntais Leithleasa Bhliantúla don Vóta Cosanta agus do Vóta na nArm-Phinsean agus i leabhrán ginearálta eolais ar a dtugtar "Public Financial Procedures - An Outline". Tá fáil orthusan ó:

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2.
Teil.: (01) 661 2111.
Facs: (01) 475 2760.

nó is féidir iad a ordú tríd an bpost ó:

Foilseacháin Rialtais,
Rannóg na Post-Trádála,
51 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

Tá fáil ar eolas a bhaineann leis an réimse Cuntais/Íocaíochtaí agus lena Rannóga ar leith ó na daoine thíosluaite. Tabhair faoi deara go dtig leat glaoch ar uimhir LoCall 1890 426444 agus an duine cuí a iarraidh nó glaoch ar na huimhreacha díreacha atá tugtha.

Oifig an Airgid agus Rannóg na gCuntas Airgeadais – Ms. Fiona Finn: Teil.: (091) 743848.

Rannóg Chuntais na Soláthraithe agus Rannóg na gCuntas Míochaine - Mr. Tommy Mee Teil.: (091) 743849.

Rannóg na gCuntas Bainistíochta - Mr. Tom Hussey Teil.: (091) 743883.

Aicmí Taifead

Is féidir Aicmí na dTaifead a rangú a bheag nó a mhór mar seo a leanas:

Oifig an Airgid: Mioneolas faoi gach ordú iníoctha agus faoi gach airgead a fhaightear. Sonraí ilghnéitheacha a bhaineann leis na cuntais. Coimeádtar mioneolas faoi íocaíochtaí chomh maith i bhformáid ríomhaireachta.

Cuntais Airgeadais: Cuntais Leithreasa, mórleabhair ghinearálta agus sonaí eile a bhaineann leis na cuntais. Is i bhformáid ríomhaireachta a choinnítear na sonraí.

Cuntais na Soláthraithe: Na sonraisc bhunaidh, Deimhnithe Imréiteach Cánach, Cártaí Cháin Chonarthaí Iomchuí (CCI 47). Coinnítear mioneolas faoi íocaíochtaí freisin i bhformáid ríomhaireachta.

Cuntais Mhíochaine: Billí/Sonraisc ar chóir leighis do phearsanra míleata. Coinnítear mioneolas faoi íocaíochtaí freisin i bhformáid ríomhaireachta. Údaruithe ar choraíocht le liachleachtóirí ar bhonn sheisiúin/ ‘chonradh seirbhíse’.

Cuntais Bhainistíochta: Coimeádann an Rannóg seo taifid ar na Meastacháin agus ar chostasú sheirbhísí éagsúla.

7.10.4 Rannóg an Iniúchta Inmheánaigh

Rannóg neamhspleách í an Rannóg seo a thuairiscíonn go díreach don Ard-Rúnaí. Soláthraíonn sí gníomhaíocht dheimhniú cuspóra agus chomhairlithe neamhspleách don bhainistíocht, idir shibhialtach agus mhíleata, a bhfuil mar aidhm léi luach breise a chur le bearta na Roinne agus iad a fheabhsú trí éifeachtacht phróiseas bhainistíocht riosca, rialúcháin agus rialachais na Roinne a mheasúnú agus a

fheabhsú. Feidhmíonn an Rannóg de réir phlean iniúchta bliantúil a chuimsíonn raon iniúchtaí chórais, géilliúntais agus stóras, a fhaomhann an tArd-Rúnaí.

Tá an Rannóg seo freagrach chomh maith as iniúchadh agus cigireacht a dhéanamh ar stórais is ar chuntais na bhFórsaí Cosanta

Seachadadh Seirbhísí

Ní sholáthraíonn an Rannóg seirbhísí go díreach don phobal.

Aicmí Taifead

Coinníonn an Rannóg seo taifid ar chigireacht agus ar iniúchtaí.

7.11 Brainse na nAcmhainní Daonna

Mar seo thíos atá leagan amach an Bhrainse:

- 7.11.1 Rannóg Riaracháin Fhoireann na Státseirbhíse;
- 7.11.2 Rannóg Riaracháin Fhoireann na bhFostaithe Sibhialtacha;
- 7.11.3 Rannóg an Díláraithe, na Cóiríochta agus na Clárlainne;
- 7.11.4 Aonad Oiliúna agus Forbartha.

7.11.1 Riarachán Fhoireann na Státseirbhíse

Tá an Rannóg seo freagrach as riarachán pearsanra ina iomláine agus as gnóthaí acmhainní daonna a bhaineann le státseirbhísigh na Roinne. Déanann sí seo agus í ag tagairt do Chód Pearsanra na Státseirbhíse, do Chiorcláin na Roinne Airgeadais, do threoracha is do theagasc agus d'Fhógraí Oifige.

Nasctha leis an Rannóg tá an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe, a sholáthraíonn clár cúnaimh is tacaíochta, atá bunaithe ar an obair, trínar féidir le bainisteoirí agus leis an bhfoireann teacht ar eolas, ar chomhairliúchán agus ar chúnamh chun deacrachtaí a mheas, a rochtain is a réiteach.

Seachadadh Seirbhísí

Ní chuireann an Rannóg seo seirbhísí ar fáil go díreach don phobal. Mar sin féin, cuirtear seirbhísí ar fáil do bhainistíocht, d'fhoireann, do cheardchumainn foirne agus do chumainn ionadaíochta na Roinne.

Faisnéis ar Fáil

Tá an Cód Pearsanra, maille le Ciorcláin Airgeadais agus ábhar eile, ar a n-áirítear Fógraí Oifige, ar fáil chun a scrúdaithe ar bhonn rialta. Coimeádann an Rannóg comhaid phearsanra ar fhoireann státseirbhíse reatha na Roinne, chomh maith le comhaid a bhaineann le polasaí pearsanra agus comhaid thagartha reatha. Ceadaítear dóibhsean, a dtagraíonn na comhaid dóibh, na comhaid a rochtain freisin.

Is féidir eolas a fháil ó:

Ms. Teresa Hynes,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
RP: teresa.hynes@defence.irlgov.ie
Teil.: (045) 492187

Aicmí Taifead

Coimeádann an Rannóg seo taifid ar na hábhair seo a leanas:

(a) foireann Státseirbhíse na Roinne;
(b) sonraí faoi phostroinnt;
(c) sonraí faoi shosanna gairme;
(d) ionadaíochtaí;
(e) comórtais ardú céime;
(f) sonraí fleisc-ama;
(g) aistrithe;
(h) Scálaí tuarastail;
(i) Saoire tinnis phearsanta;
(j) Polasaí Acmhainní Daonna;
(k) Taifid faoi leas agus faoi chúnamh d'fhostaithe;
(l) Riarachán ginearálta na Rannóige.

7.11.2 Rannóg Riaracháin Fhoireann na bhFostaithe Sibhialta

Tá an Rannóg seo freagrach as cúrsaí pearsanra a riaradh agus as gnóthaí acmhainní daonna a bhaineann le 768 fostaí sibhialtach atá ag an Roinn. Déanann sí é seo agus í ag tagairt do na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta atá leagtha síos tríd an Roinn Airgeadais agus tríd an gComhchomhairle Thionscail do Fhostaithe Tionsclaíocha Stáit i Ranna Rialtais.

Sa ghnáth-shlí is gnó do na húdaráis mhíleata iomchuí (e.g. an Cór Innealtóirí) bainistiú oibríoch na foirne seo.

Seachadadh Seirbhísí

Ní chuireann an rannóg seo seirbhísí ar fáil don phobal. Mar sin féin, soláthraítear seirbhísí don fhoireann d'fhostaithe sibhialtacha, dá gceardchumainn is dá n-ionadaithe.

Faisnéis ar Fáil

Cuirtear mioneolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta ar fáil go rialta. Coinníonn an Rannóg comhaid phearsanra ar an bhfoireann ábhartha, idir fhostaithe reatha agus fhostaithe atá imithe,

maille le comhaid faoin bpolasaí pearsanra agus comhaid thagartha ghinearálta. Coinníonn na húdaráis mhíleata, a fhostaíonn na daoine seo, comhaid orthu freisin. Tig le gach fostaí a chomhad féin a rochtain.

Is féidir faisnéis a iarraidh ar:

Mr. Bill Tuohy,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
RP: bill.tuohy@defence.irlgov.ie
Teil.: (045) 492186

Aicmí Taifead

Coimeádann an Rannóg seo taifid ar na hábhair seo a leanas:

(a) foireann d'fhostaithe sibhialtacha (reatha agus imithe) sa Roinn;
(b) comhaid faoi pholasaí pearsanra;
(c) comhaid thagartha ghinearálta;
(d) rátaí tuarastail;
(e) riarachán ginearálta na Rannóige.

7.11.3 Rannóg an Díláraithe, na Cóiríochta agus na Clárlainne

Tá an Rannóg seo freagrach as bainistiú a dhéanamh ar dhílárú oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath chuig an Droichead Nua, Co. Chill Dara. Soláthraíonn sí seirbhísí tacaíochta don Roinn chomh maith trí na fo-rannóga seo a leanas:

- Aonad an Díláraithe
- An Lár-Chlárlann/Leabharlann
- Cóiríocht

7.11.3.1 An Lár-Chlárlann/Leabharlann

Feidhmíonn an Lár-Chlárlann (LC) ar bhonn threoracha ó na Brainsí chun comhaid a oscailt nó a stóráil agus chun stáiseanóireacht, seirbhísí clódóireachta agus soláthairtí oifige eile a ordú.

Tá a cuid taifead féin ag an bhfo-rannóg seo a bhaineann le bainistiú na Lár-Chlárlainne agus nithe gaolmhara.

7.11.3.2 Cóiríocht

Tá an fho-rannóg seo freagrach as earraí agus seirbhísí chun foirgnimh agus cóiríocht oifige na Roinne a chothabháil, a fháil agus a sholáthar.

Seachadadh Seirbhísí

Ní sholáthraíonn aon cheann de na fo-rannóga seirbhísí go díreach don phobal ach bíonn teagmháil éigin acu uile le soláthraithe nó le hábhair sholáthraithe earraí agus seirbhísí, mar shampla.

Faisnéis ar Fáil

Is féidir faisnéis a fháil ó:

Ms. Carol Bourke,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
Teil.: (045) 492324
RP: carol.bourke@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Coimeádann an Rannóg seo taifid ar na hábhair seo a leanas:

(a) Údaruithe ceannaigh agus íocaíochta i leith soláthar stáiseanóireachta agus clódóireachta agus cóiríochta;
(b) Riarachán ginearálta na Rannóige.

7.11.4 Aonad Oiliúna agus Forbartha

Cuireann an tAonad seo seirbhísí oiliúna agus forbartha ar fáil do bhainistíocht is d'fhoireann státseirbhíse na Roinne atá ag teacht le Ráiteas Straitéise na Roinne agus go háirithe leis an Straitéis Acmhainní Daonna.

Seachadadh Seirbhísí

Soláthraíonn traenálaithe an Aonad Oiliúna agus Forbartha oiliúint inmheánach ach fostaítear comhairleoirí seachtracha ó am go chéile chun sainoiliúint a chur ar fáil.

Faisnéis ar Fáil

Tá gach eolas oiliúna ar fáil i gcuid thiomnaithe de shuíomh inlíne na Roinne ar a dtugtar Gréasán Oiliúna. Tá teacht ar an gClár Bliantúil Oiliúna ar an suíomh seo.

Is féidir eolas a fháil ó:

Ms. Lorna Boyle
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.

Teil.: (045) 492386
RP: lorna.boyle@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Coimeádann an Rannóg seo taifid ar na hábhair seo a leanas:

(a) taifid oiliúna ar fhoireann na Roinne;
(b) riarachán ginearálta na Rannóige.

7.12 Brainse na gCóras Faisnéise

Cuireann an Brainse seo Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ar fáil don Roinn agus is mar seo a leanas atá sé leagtha amach:

7.12.1 Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise (lonnaithe i mBaile Átha Cliath);

7.12.2 Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise (lonnaithe i nGaillimh);

7.12.1 Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise (lonnaithe i mBaile Átha Cliath)

I gcomhpháirtíocht leis an Aonad TF i nGaillimh agus le Stiúrthóireacht mhíleata na gCóras Cumarsáide agus Faisnéise soláthraíonn an tAonad seirbhísí don Roinn i réimse pleanála agus forbartha na TF agus i bhfeidhmiú is i gcothabháil na gcóras faisnéise agus teileachumarsáide.

7.12.2 Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise (lonnaithe i nGaillimh)

Is é príomh-fhócas an Aonaid tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí Rannóg an Airgeadais, go háirithe le híocaíochtaí párolla agus eile, agus don líonra achair logánta agus do na húsáideoirí. Tá freagracht ar an Aonad freisin as córais fhaisnéise agus theileachumarsáide a fhorbairt is a fheidhmiú d'oifig na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht leis an aonad atá lonnaithe i Baile Átha Cliath.

Seachadadh Seirbhísí

Ní chuireann Brainse na gCóras Faisnéise seirbhísí ar fáil go díreach don phobal. I gcomhthéacs seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do bhainisteoirí gnó na Roinne bíonn teagmháil rialta aige le soláthraithe tráchtála earraí agus seirbhísí nó le hábhair sholáthraithe

Faisnéis ar Fáil

Is féidir faisnéis a fháil ó:

Mr. Michael Byrne,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin

An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
Teil. (045) 492156
RP: michael.byrne@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Coimeádann an Brainse seo taifid ar na hábhair seo a leanas:

(a) Polasaí Slándála do Theicneolaíocht Faisnéise;
(b) Ceadúnais Bhogearraí atá á gcoinneáil;
(c) Bunachair pháirolla don fhoireann mhíleata is shibhialtach agus do phinsinéirí;
(d) Sonraíocht Theicniúil do chláir is do chórais ríomhaireachta;
(e) Soláthraithe is ábhair sholáthraithe earraí;
(f) Clár Sócmhainní;
(g) Riarachán ginearálta an Bhrainse.

7.13 An Brainse um Shlándáil Idirnáisiúnta agus um Pholasaí Cosanta

Tá feidhmeanna polasaí agus riaracháin ag an mBrainse seo i leith:

- Ceapadh agus Forbairt Ionchur Cosanta i bpolasaí an Bheartas Eorpach Slándála agus Cosanta (ESDP) i dtaca le hoibríochtaí Choinneáil Síochána na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip (OSCE) agus le Comhpháirtíocht Síochána (PfP) NATO;
- Bainistiú agus feidhmiú Clár Indibhidiúil Comhpháirtíochta (IPP) na hÉireann mar chuid den Chomhpháirtíocht Síochána (PfP);
- Freastal ar bhaill de na Buan-Fhórsaí Cosanta atá ag seirbheáil thar lear leis na Náisiúin Aontaithe, leis an AE, leis an mBeartas Eorpach Slándála agus Cosanta (OSCE) agus le Comhpháirtíocht Síochána (PfP) NATO.

Seachadadh Seirbhísí

Ní sholáthraíonn an Brainse um Shlándáil Idirnáisiúnta agus um Pholasaí Cosanta seirbhísí go díreach don phobal.

Faisnéis ar Fáil

Is féidir eolas a fháil ó:

Mr. Donal Bergin,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.

Teil.: (045) 492224
RP: donal.bergin@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Coimeádann an Brainse seo taifid ar na hábhair seo a leanas:

(a) Gnóthaí polasaí agus riaracháin;
(b) Riarachán ginearálta an Bhrainse.

7.14 An Oifig um Phleanáil Éigeandála

Bunaíodh an Oifig um Phleanáil Éigeandála taobh istigh den Roinn Cosanta i 2001 chun ról treorach a ghlacadh i bpleanáil éigeandála a dhéileálfadh le bagairtí sceimhlitheoireachta; chun comhordú a spreagadh thar na Ranna is na húdaráis phoiblí go léir, a bhfuil baint acu le pleanáil éigeandála, agus chun maoirsiú ginearálta a dhéanamh ar an bpróiseas.

Seachadadh Seirbhísí

Cuireann on OPE ról tacaíochta ar fáil do Thascfhórsa an Rialtais um Phleanáil Éigeandála agus, faoina chathaoirleacht, comhordaíonn sí obair an Ghrúpa Oibre Idir-Rannach um Phleanáil Éigeandála. Bíonn sí i dteagmháil ar bhonn forleathan le Ranna Rialtais, le húdaráis phoiblí eile agus le hionadaithe poiblí ar leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta. Ní chuireann sí seirbhísí ar fáil go díreach don phobal ach déileálann sí le fiosrúcháin agus le hiarratais ar fhaisnéis de réir mar is gá.

Faisnéis ar Fáil

Tá fáil ar fhaisnéis i Ráiteas Straitéise na Roinne, ón Tuarascáil Bhliantúil, ar shuíomh gréasáin na Roinne www.defence.ie agus ar shuíomh gréasáin na hOifige um Phleanáil Éigeandála www.emergencyplanning.ie

Is féidir eolas a fháil ó:

Ms. Ann Corrigan,
An Oifig um Phleanáil Éigeandála ,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
RP: ann.corrigan@defence.irlgov.ie
Teil. 045 - 492030
Facs: 045 - 492255

Aicmí Taifead

Coimeádann an Oifig seo taifid ar na hábhair seo a leanas:

a) Miontuairiscí agus nithe a bhaineann le hobair Thascfhórsa an Rialtais um Phleanáil Éigeandála;
b) Miontuairiscí agus nithe a bhaineann le hobair an Ghrúpa Oibre Idir-Rannach um Phleanáil Éigeandála;
c) Meamraim agus Aides Memoires don Rialtas ;
d) Doiciméadacht agus páipéir ghinearálta eile a bhaineann le Pleanáil Éigeandála ;
e) Riarachán ginearálta na hOPE.

7.15 An Brainse Pleanála agus Eagrúcháin

Tá mar phríomh-fhócas ag an mBrainse Pleanála agus Eagrúcháin tacú le nuachóiriú leanúnach na Roinne agus na bhFórsaí Cosanta agus cuidiú leis an mbainistíocht shinsearach an clár nuachóirithe a chur i bhfeidhm. Tá an clár seo leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Chosaint, i Ráiteas Straitéise na Roinne agus i gcomhaontaithe leanúnacha um chomhpháirtíocht shóisialta. Cuireann an Brainse seirbhísí eolais ar fáil chomh maith do na meáin tríd an Oifig Preasa agus Faisnéise.

Is mar seo a leanas atá leagan amach an Bhrainse:

7.15.1 An tAonad Pleanála agus Eagrúcháin

7.15.2 An Oifig Preasa agus Faisnéise

7.15.1 An Brainse Pleanála agus Eagrúcháin

Seachadadh Seirbhísí

Soláthraíonn an tAonad seo raon seirbhísí don bhainistíocht shinsearach agus do na Brainsí. Orthusan tá ullmhúchán Ráiteas Straitéise, Tuarascálacha Bliantúla agus an Ráitis Bhliantúil um Tháirgeacht, urraíocht a dhéanamh ar an tionscnamh um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, tacú le nuachóiriú eagrúcháin agus acmhainní daonna na bhFórsaí Cosanta maille le comhordú a dhéanamh ar an Athbhreithniú um Luach ar Airgead agus an tAthbhreithniú Polasaí..

Faisnéis ar Fáil

Tá creatlach gníomhaíochta an Aonaid leagtha amach ag an bPáipéar Bán ar Chosaint, ag Ráiteas Straitéise na Roinne, ag Tuarascálacha Bliantúla as a chéile, ag Athbhreithnithe Polasaí, ag Athbhreithnithe um Luach ar Airgead, ag an Ráiteas Bliantúil Táirgeachta um Chosaint agus ag comhaontaithe um chomhpháirtíocht shóisialta. Tá teacht ar na doiciméid seo ar fad ar an suíomh gréasáin nó is féidir iad a iarraidh ar an Aonad.

Is féidir eolas a fhail ó:

Mr. Gerry Troy,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
RP: gerard.troy@defence.irlgov.ie
Teil. 045-492114

Aicmí Taifead

Coimeádann an tAonad taifid ar na hábhair seo a leanas:

(a) Gnóthaí polasaí agus riaracháin;
(b) Athbhreithnithe um Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí;
(c) Riarachán Ginearálta an Aonaid.

7.15.2 An Oifig Preasa agus Faisnéise

Tá an Oifig freagrach as bainistiú a dhéanamh ar sheachadadh is ar chur i láthair na meán seasamh an Aire agus na Roinne ar gach ceist a bhaineann le Cosaint. Déileálann sí chomh maith le hiarratais ar fhaisnéis ón bpobal.

Seachadadh Seirbhísí

Pléitear le hiarratais ar fhaisnéis ón mórphobal tríd an eolas a iarrtar a sholáthar nó tríd an fiosrúchán a chur ar aghaidh go dtí an Brainse nó an Rannóg iomchuí de chuid na Roinne.

Faisnéis ar Fáil

Tá fáil ón Oifig ar gach píosa faisnéise a fhoilsíonn an Roinn, maille le hóráidí an Aire agus preas-eisiúintí.

Is féidir eolas a fhail ó:

Ms. Áine Fitzpatrick,
Preas-Oifigeach,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.

Teil.(045) 492108
Facs: (045) 492017
RP: info@defence.irlgov.ie

Cuirtear eolas i dtaobh na bhFórsaí Cosanta ó:

Oifig Preasa na bhFórsaí Cosanta,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.

Teil. (045) 492502
RP: press@military.ie

Aicmí Taifead

Coimeádann an Oifig taifid ar na hábhair seo a leanas:

a) Preas-eisiúintí na Roinne Cosanta;
b) Óráidí an Aire Cosanta;
c) Riarachán Ginearálta an Bhrainse.

7.16 An Brainse um Bhainistiú Sealúchais

Tá an Brainse freagrach as bainistiú iomlán shealúchas uile an Stáit (ar a n-áirítear 17 ionad míleata a bhíonn áitrithe go buan agus breis is 20,000 acra) atá faoi stiúir na Roinne. Socraíonn sé freisin léasú nó ceannach sealúchais le húsáid de thuras na huaire nó go buan, socraíonn sé diúscairt sealúchas barrachais agus léasú chun féaraigh tailte nach mbíonn gá leo sa ghearr-théarma chun críocha oifigiúla.

Tá an Brainse freagrach chomh maith as comhtheagmháil idir na húdaráis mhíleata agus fiontair thráchtála ina n-úsáidtear sealúchas na Roinne.

Seachadadh Seirbhísí

Soláthraíonn an Brainse dóibhsean a leanas:

a) Áititheoirí Cheathrúna do Lucht Pósta, tionóntaí, agus iadsan a bhfuil beanna féaraigh do chaoirigh acu ar thailte na Roinne;
b) Daoine aonair, fiontair ghnó agus comhlachtaí Stáit a ndéanann an Roinn sealúchas barrachais a dhiúscairt leo;
c) Saoránaigh a chónaíonn i bhfoisceacht shealúchas na Roinne;
d) Cuideachtaí scannánaíochta agus fiontair ghnó eile a úsáideann sealúchas na Roinne;
e) Ranna Rialtais, ionadaithe poiblí agus gníomhaireachtaí eile Stáit.

Faisnéis ar Fáil

Tá fáil ar Léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis, a thaispeánann ceantair mhíleata atá baolach, ó Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 nó ó:

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,

Teach Sun Alliance,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2.

Teil.: (01) 6613111
Facs: (01) 4752760

Nó tríd an bpost ó:

Foilseacháin Rialtais,
Rannóg na Trádála Poist,
4-5 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

Is féidir eolas a fháil chomh maith ó:

Ms. Marie Cullen,
An Roinn Cosanta,
Br an Stáisiúin
An Droichead Nua,
Co Chill Dara.
Teil.: (045) 492429
Facs: (045) 492208
RP: marie.cullen@defence.irlgov.ie

Aicmí Taifead

Coimeádann an Brainse taifid ar an nithe seo a leanas:

(a) Sealúchas;
(b) Suirbhéanna;
(c) Díolacháin / Diúscairt;
(d) Ligean;
(e) Cíosanna;
(f) Ceathrúna do Lucht Pósta;
(g) Cúngach;
(h) Pleanáil;
(i) Díscríobh de dheasca tine;
(j) Meastacháin;
(k) Clár Sócmhainní;
(l) Riarachán Ginearálta an Bhrainse.

7.17 Bord na nArm-Phinsean

Comhlacht reachtúil neamhspleách é Bord na nArm-Phinsean a bunaíodh faoi Alt 5 den Acht Arm-Phinsean, 1927. Cathaoirleach agus beirt ghnáth-comhalta atá ann. Ní mór don bheirt

ghnáth-chomhalta bheith ina ndochtúirí leighis cáilithe. Ní mór do dhuine díobh bheith ina oifigeach i gCór Míochaine an Airm agus don duine eile bheith ina shibhialtach.

Tá mar phríomh-chúram ar an mBord faoi na hAchtanna Arm-Phinsean iarratais ar phinsin, ar liúntais agus ar aiscí faoi na hAchtanna seo a scrúdú agus ansin tuairisc a chur ar fáil ansin don Aire Cosanta. Beirt státseirbhíseach atá mar fhoireann ag an mBord. Rúnaí an Bhoird is ea duine díobh agus cuireann an duine eile tacaíocht cléireachais ar fáil.

Seachadadh Seirbhísí

Ní chuireann Bord na nArm-Phinsean seirbhísí ar fáil go díreach don phobal. Cuirtear gach iarratas ar phinsean nó ar liúntas ar an gcéad ásc chuig Rannóg Riaracháin na bPinsean i nGaillimh

Aicmí Taifead

Coimeádann an Bord taifid ar na cásanna go léir a fhiosraítear.

Faisnéis ar Fáil

Is féidir eolas a fháil ó:

Ms. Melinda Wynne,
Bord na nArm-Phinsean,
Ospidéal Naomh Bricín,
Baile Átha Cliath 7.
Teil.: (01) 6795000.
RP: melinda.wynne@defence.irlgov.ie

AGUISÍN 1

Sanasán Téarmaí a úsáidtear sa Roinn Cosanta

Téarma	***Míniú***
Lagra	Nuair a íoctar pinsean míchumais de bhreis ar phinsean gairme [faoi Scéimeanna (Pinsin) na bhFórsaí Cosanta] laghdaítear an pinsean gairme de réir sciar den phinsean míchumais. Tugtar lagra ar an laghdú seo.
Incrimint Bhreise	Íoctar í seo faoi na socruithe pinsin atá ann cheana féin (roimh Aibreán 2004) mar bhreis ar an 'mbun-phinsean' le hiar-Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe agus le Saighdiúirí Singil ar bhunráta i leith gach bliain seirbhíse de bhreis ar 21 bliain ach gach dul thar 31 bliain. Ní íoctar an incrimint bhreise nuair a bhíonn an pinsinéir i dteideal Pinsean Stáit Leasa Shóisialaigh (trasdul ag aois 65) nó Pinsean Stáit Ranníocach (ag aois 66) a fháil.
Clár Sócmhainní	Coimeádtar Cláir Shócmhainní i leith gach píosa trealaimh, sealúchais nó talaimh a shealbhaíonn nó a riarann an Roinn.
Bun-Phinsean	Seo an phríomhchuid de phinsean seirbhíse agus bunaítear é ar sheirbhís cháiliúcháin agus ar an gcéim ag an aois scoir
Liúntais Chleithiúnach	Tá na liúntais seo iníoctha faoi Achtanna na nArm-Phinsean le marthanóirí, páistí agus cleithiúnaigh iar-oifigigh, ONC, nó saighdiúra singil ar féidir a bhás a chur i leith seirbhís mhíleata.
Pinsean Míchumais	Is féidir Pinsean Míchumais a dheonú tar éis scaoileadh nó ligean ar scor do dhuine de dheasca míchumais bhuan atá mar thoradh ar ghoin, ar ghortú nó ar ghalar a fuarthas le linn diúité nó ar sheirbhís thar lear.
Cúngach	Tarlaíonn cúngach nuair a thugann an Roinn cead dul isteach ar, nó úsáid a bhaint as, sealúchas de chuid na Roinne ar chúis ar leith, mar shampla píopán uisce a leagan ar phíosa sealúchais de chuid na Roinne.

Treoracha/Treoirlínte de chuid an AE	Tá cuid mhór d'obair na seirbhíse poiblí á rialú ag treoracha agus ag treoirlínte de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le gnéithe áirithe de pholasaithe a achtaítear ar leibhéal an Aontais. Tá teacht ar eolas faoin treoir nó faoin treoirlíne atá i gceist agus faoin dóigh inar chóir í/é a thuiscint agus a fheidhmiú sa Stát seo san ábhar a choinnítear orthu seo.
Deontas Sochraide	Is féidir deontas sochraide de £500 a íoc i leith chostais shochraide duine a bhí ag fáil Pinsean Seirbhíse Míleata nó liúntas speisialta nó Bonn Seirbhíse (1917-1921).
Riarachán Ginearálta	Baineann sé seo le bainistíocht ó lá go chéile ar a n-áirítear ábhair mar bhainistíocht pearsanra, eagrú chúrsaí oiliúna, leithdháileadh chead saoire, soláthar cóiríochta don fhoireann, scaipeadh doiciméad eolais etc.
Orduithe/Treoirlínte	Baineann faisnéis sa chatagóir seo le horduithe nó treoirlínte a eisítear don fhoireann a bhíonn ag plé le riaradh scéimeanna atá faoi chúram na Roinne
Comhtháthú	Gnáth-ghné de scéimeanna pinsin gairme poiblí is ea comhtháthú i gcás fostaithe a íocann ÁSPC (Aicme A) agus iad lán-cháilithe don raon iomlán sochar faoi na hAchtanna Leasa Sóisialaigh, an Pinsean Ranníocach Stáit san áireamh. Is éard is brí le comhtháthú ná go gcuirtear teidlíocht do shochair Árchais Shóisialaigh san áireamh agus méid an phinsin gairme (nó nuachair) atá iníoctha á áireamh. Bíonn mar thoradh air seo go mbíonn ráta an phinsin gairme níos ísle ná mar a bheadh murach an scéal a bheith amhlaidh.
Reachtaíocht	Baineann faisnéis air seo le déanamh dlíthe, an próiseas lena ndéantar dlí do mholadh trí Acht Oireachtais a achtú. Baintear úsáid go minic as an meicníocht seo chun moltaí a thabhairt isteach toisc ceangal dlí a bheith ag Achtanna a leagann dualgas orthusan a thagann faoina raon cloí lena dtéarmaí. Is é is dóichí ná go léireoidh an fhaisnéis a choinnítear ar na comhaid reachtaíochta na céimeanna éagsúla i gcumadh na reachtaíochta agus go n-áireofar ábhar ar: (a) anailís ar mholtaí tosaigh an Rialtais, a mbíonn mar thoradh uirthi go gceaptar doiciméad (ar a dtugtar Meamram) don Rialtas

	ina leagtar amach na cúiseanna ar a bhfuil gá le hAcht agus ina ndéantar achoimre ar a phríomh-phointí (b) Barúlacha ar a bhfuil sa Mheamram, nochta ag daoine taobh istigh den Roinn agus i ranna eile, athruithe ar bith a rinneadh ar an Meamram dá bharr agus aon chinneadh Rialtais air. (c) Má chinntear dul ar aghaidh leis an reachtaíocht mholta, aon chomhfhreagras le hOifig an Ard-Aighne, a dhréachtóidh téacs Bhille. Téitear trí phróiseas scaipeadh eolais ar Ranna agus cur i láthair an Rialtais arís leis an mBille dréachtaithe. (d) Comhfhreagras leis an Aire agus ábhar faisnéise a thugtar dó de réir mar a théann an Bille tríd an Oireachtas. (e) Aon ghníomh a leanann de i.e. eisiúint treoracha a bhfuil soláthar dóibh san Acht, comhfhreagras breise etc.
Teastas Beatha	Sa chás go mbíonn an pinsinéir éagumasaithe agus, dá réir, nach bhfuil sé/sí in ann an t-ordú íocaíochta, a eisítear dó/di i leith an phinsin, a shíniú is féidir ionadaí a cheapadh chun é a shíniú thar a c(h)eann. I gcásanna den chineál seo eisítear Teastas Beatha gach bliain in ionad an fhoirm Dhearbhú Pinsin le fáil amach an bhfuil an pinsinéir i dteideal pinsean a fháil fós
Foirm Mharcóra	Sa chás go mbíonn an pinsinéir éagumasaithe agus, dá réir, nach bhfuil sé/sí in ann an t-ordú íocaíochta, a eisítear dó/di i leith an phinsin, a shíniú is féidir ionadaí a cheapadh chun é a shíniú thar a c(h)eann. Ní mór teastas dochtúra, a dhearbhaíonn riocht sláinte an phinsinéara, a bheith le haon iarratas a dhéantar ar an tsaoráid seo.
Ceathrúna do Lucht Pósta	Tá sé de nós ann go mbíonn rogha ag saighdiúirí pósta cónaí lena dteaghlaigh i dtithe a bhaineann leis an Roinn Cosanta, ach an chóiríocht a bheith ar fáil. Tugtar Ceathrúna do Lucht Pósta ar na tithe seo.
Róshealbhóir	Duine a fhanann gan údarás i seilbh Cheathrúna do Lucht Pósta tar éis dó/di bheith scortha ó na Buan-Fhórsaí Cosanta. B'fhéidir go gcoinneofaí siar an pinsean nó an aisce go dtí go n-imíonn an duine as na ceathrúna.
Ceisteanna Parlaiminteacha	Is féidir le teachtaí Dála iad a chur ar an Aire agus is féidir freagraí i scríbhinn nó de bhéal a thabhairt orthu i seomra na Dála. Má

	bhaineann ceisteanna le Brainse ar leith is é an Brainse sin a ullmhaíonn na freagraí. Coimeádtar gach eolas faoi cheisteanna den chineál seo faoi fhreagraí an Aire sa Roinn.
Uimhir Chuntas Pinsin	Tugtar uimhir aitheantais uathúil i leith gach pinsin agus/nó liúntais ar leith do gach pinsinéir a fhaigheann íocaíocht. Ní hionann an uimhir seo agus an Uimhir Airm. Ba chóir an Uimhir Chuntas Pinsin a luath in aon chomhfhreagras leis an Roinn chun go bhféadfaí déileáil go gasta le haon fhiosrúchán
Ordú Oiriúnaithe Pinsin	Ordú a thugann Cúirt a threoraíonn go n-íocfaí iomlán shochar aoisliúntais dhuine nó cuid de lena nuachar agus/nó lena leanaí cleithiúnacha. Ní féidir orduithe den chineál seo a eisiúint ach amháin nuair a fhaightear foraithne um idir scaradh breithiúnach. Nuair a dheonaítear Ordú Oiriúnaithe Pinsin bíonn feidhm sháraitheach leis i gcás fhorálacha shocruithe aoisliúntais sa mhéid is gur gá chun íocaíochtaí faoin ordú a chinntiú i gcás shochair scoir agus/nó báis le linn seirbhíse, agus sochair nuachair agus/nó leanaí san áireamh.
Foirm Dhearbhaithe Phinsin(DP)	Eisítear an fhoirm seo go bliantúil chuig gach pinsinéir chun dearbhú a fháil go bhfuil sé/sí i dteideal pinsean a fhail i gcónaí. Sa chás nach líontar foirm Dhearbhú Pinsin cuirfear íocaíocht an phinsin ar fionraí.
Máirseáil	Ó am go chéile, déantar sealúchas na Roinne a 'mháirseáil'. Is éard is ciall leis seo ná go ndéantar staid an tsealúchais agus a theorainneacha a sheiceáil chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na taifid ar an sealúchas cruinn.
Pleanáil	In áiteanna áirithe atá gar d'ionaid mhíleata, agus ar chúiseanna slándála agus sábháilteachta, téann an t-údarás áitiúil cuí i gcomhairle leis an Roinn sula thugann sé cead pleanála chun foirgnimh a thógáil nó cur leo nó cinn atá cheana féin ann a úsáid chun críche nua.
Polasaí	Is éard is ciall leis seo ná eolas a choimeádtar ar chumadh is ar fheidhmiú pholasaí Rialtais. Tig leis seo teacht ó raon leathan foinsí, gealltanais a thugtar ag am toghcháin nó treoracha ón Aire,

	mar shampla.
Ionadaíocht	Tig le hionadaithe poiblí aighneachtaí a dhéanamh thar ceann a thoghthóirí agus daoine nó eagraíochtaí eile.
Díolachán/Diúscairt	Nuair a ghlactar cinneadh sealúchas nó grúpa sealúchas a dhiúscairt, osclaítear comhaid sa Bhrainse um Bhainistiú Sealúchais ar a gcoimeádtar na sonraí uile faoin bpróiseas díolacháin/diúscartha. Ní cás gur díolachán é gach diúscairt. D'fhéadfadh se tarlú, mar shampla, go dtabharfaí píosa sealúchais de chuid na Roinne, a mheastar a bheith mar bharrachas ar a bhfuil riachtanach, d'údarás áitiúil chun críche éigin (e.g. bóthar a leathnú) a rachadh chun tairbhe an phobail.
Beanna Féaraigh	Tá beanna féaraigh do chaoirigh ar an gCurrach comhghabhálach le tailte áirithe i mbailte fearainn atá in aice an Churraigh agus ní ceadmhach leas a bhaint astu ach amháin faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in Achtanna Churrach Chill Dara agus sna Fodhlithe a ghabhann leo.
Sochair Aoisliúntais	Seo an comhthéarma a thugtar ar shochair scoir, bíodh siad mar (a) phinsean gairme (agus pinsean nuachair & leanaí); agus (b) aisce scoir (nó báis).